# COIMISIÚN EALAÍON DON ÓIGE, 2025



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# AN GLAO

Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ag lorg ealaíontóirí gairmiúla (daoine aonair nó grúpaí) le dul i mbun oibre le heagraíochtaí óige chun togra a chur isteach maidir le Tionscadal Ealaíon don Óige do dhaoine óga 13-25 bliana d'aois a sheachadadh i gContae Uíbh Fhailí. Tá an coimisiún sásta glacadh le haighneachtaí ó gach disciplín ealaíne, na hamharcealaíona, scannánaíocht, beochan, na healaíona digiteacha, na taibh-ealaíona, litríocht agus ealaín fuaime ina measc. Is féidir leis an gcoimisiún díriú ar fhoirm ealaíne amháin nó ar raon foirmeacha ealaíne ach **is riachtanach go mbeidh ealaíontóir gairmiúil rannpháirteach sa togra, nó bainteach leis.** Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga agus an comhchruthú oibre lárnach sa tionscadal ealaíon don óige.

# AN CÚLRA

Tá Soláthar Ealaíon don Óige fite fuaite i gcreat agus i straitéisí Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. I gcaitheamh na mblianta, tá an iliomad clár curtha ar fáil ag an gComhairle a raibh daoine óga páirteach iontu. Bhí éagsúlacht i gceist ó thaobh leibhéil freastail agus suime de le linn na mblianta sin, thuas seal thíos seal mar a déarfá. Tá tuilleadh eolais le fáil i dTuarascáil Oifig na nEalaíon maidir le hEalaíona don Óige. Is féidir The Makings - Fostering Youth Arts Creativity a íoslódáil ach an nasc seo a chliceáil.

Mar thoradh ar an tuarascáil seo, is mian le hOifig na nEalaíon roinnt tionscadail bheaga don óige a choimisiúnú a chumasóidh rannpháirtíocht idir ealaíontóirí gairmiúla agus daoine óga (13+) agus a ndéanfaidh eagraíochtaí óige, ceannairí óige agus scoileanna éascú orthu.

Is cleachtas próiseasbhunaithe é na healaíona don óige, dírithe ar an taithí a bhaineann le bheith ag obair le chéile trí na healaíona: obair a dhéanamh, scileanna a chothú, mothúcháin agus smaointe a chur in iúl trí mheán na healaíne, toradh na hoibre a chomhroinnt le daoine eile, agus nascadh a dhéanamh linn féin agus le daoine eile tríd an bpróiseas. Is é sprioc na gcoimisiún ná caidrimh sheasmhacha a chothú le comhpháirtithe iomchuí chun Ealaíona don Óige a fhorbairt sa chontae, agus tús áite á thabhairt do ghuth daoine óga lena linn.

# AN SCEIDEAL/AN TORADH

Ba chóir go mbeadh próiseas agus rannpháirtíocht le Daoine Óga in Uíbh Fhailí lárnach sa tionscadal agus ba cheart go dtiocfadh an spreagadh ó riachtanais agus mianta na ndaoine óga. Ba chóir dul i gcomhairle le daoine óga maidir le dearadh agus feidhmiú an tionscadail

ionas go mbeidh a gcuid riachtanas, spéiseanna agus cinntí ina spreagadh agus ina dtionchar agus an obair á cinneadh.

Má tá toradh ar leith i gceist (i.e. píosa ealaíne nó taibhiú), ba cheart machnamh a dhéanamh ar conas a léireofaí é. Cé nach bhfuil riachtanas ar leith ann toradh na hoibre (píosa ealaíne, taibhiú srl.) a léiriú, má tá suim ann a leithéid a dhéanamh, moltar d'ealaíontóirí oibriú lena ngrúpa rannpháirteach chun teacht ar shlí éigin chun a gcuid oibre a léiriú. Táthar ag súil go dtiocfaí ar bhealach a bheadh oiriúnach do thaithí agus do chúlra na ndaoine óga, agus d'aidhm agus raon an tionscadail.

Ba cheart d'ealaíontóirí machnamh a dhéanamh freisin ar cé leis a mbeidh siad ag obair agus, nuair a bhíonn comhpháirtíochtaí áitiúla á gcothú acu don tionscadal ealaíon don óige, machnamh a dhéanamh ar a dtionscadal maidir leis an méid a bheidh rochtain éasca ag daoine óga air, ar cé chomh leathan a bheidh an rochtain sin agus ar bhealaí chun rannpháirtíocht daoine óga nach bhfuil ag glacadh páirte sna healaíona cheana féin a spreagadh.

Beidh ar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo tuarascálacha agus doiciméid eatramhacha agus measúnú deiridh a chur isteach.

# AN BUISÉAD

Tá buiséad uasta €5,000.00 ar fáil in aghaidh an tionscadail, agus roghnófar trí thionscadal ar a mhéad. Ní thabharfar uasmhéid an chistiúcháin ach amháin do thionscadail a mheasann an painéal a bheith eisceachtúil. Is costas iomlán é an buiséad agus caithfear an taisteal ar fad, na hábhair agus CBL a chur san áireamh ann. Ní féidir le hiarratasóirí ach iarratas tionscadail amháin a chur isteach.

Táimid an-solúbtha agus oscailte ó thaobh amlíne de, ach caithfidh an tionscadal a bheith curtha i gcrích laistigh de 6 mhí ó dháta an roghnúcháin (ag brath ar chastacht an tionscadail).

# AN TOGRA/AN tIARRATAS

Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil sé ar intinn acu dul i mbun oibre le Daoine Óga laistigh de shuíomh scoile aird ar leith a thabhairt ar an téarma scoile, laethanta saoire srl., agus ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an scoil/eagraíocht óige maidir leis an tionscadal, i.e. beidh litir thacaíochta ón scoil/eagraíocht óige ag teastáil.

Maidir leis an duine/na daoine a n-éireoidh leo:

# INCHÁILITHEACHT

- Beidh taithí ábhartha 3 bliana ar a laghad acu ag seachadadh tionscnaimh/tionscadail ealaíon faoi stiúir na hóige
- Ealaíontóir Gairmiúil nó grúpa d’Ealaíontóirí Gairmiúla* a bheidh i gceist
- Duine/daoine féinfhostaithe nó cláraithe mar Eagraíocht Ealaíon a bheidh i gceist
- Beidh sé/sí/siad in ann uimhir imréitigh cánach agus uimhir rochtana a chur ar fáil
- Tá cáilíocht Tríú Leibhéal i ndisciplín ar leith inmhianaithe ach níl sé riachtanach
- Beidh Oiliúint um Chosaint Leanaí iomchuí curtha i gcrích acu*
- Léireoidh siad an cumas oibriú le páirtithe leasmhara éagsúla
- Beidh árachas slánaíochta gairmiúil acu
- Beidh siad in ann measúnuithe Sláinte agus Sábháilteachta/ Riosca a chur isteach
- Cuirfidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána iad
- Beidh Láncheadúnas Tiomána reatha/Éireannach/AE acu

*féach aguisín

# AN DÁTA DEIRIDH

**14 Feabhra 2025 @ 4pm, gan eisceacht**

**Iarratas ar dhéanamh trí ríomhphost ar: arts@offalycoco.ie**

# AGUISÍN

1. Beidh ort:
   a) Sonraí Teagmhála*
   b) Cur síos ar an Tionscadal
   c) Breac-chuntas ar theagmháil le rannpháirtithe, seachadadh, sceideal, cuspóirí, torthaí ionchais.
   d) Buiséad – miondealú ar chostais an bhuiséid.

2.

   a) Litir chlúdaigh ag cur síos ar d’oiriúnacht
   b) Curriculum Vitae agus Teistiméireachtaí (do gach ealaíontóir a bheidh páirteach sa tionscadal)

c) Naisc chuig saothair roimhe seo
d) Sonraí ar bith eile a bhaineann leis an togra, dar leat

*féach aguisín

# NA CRITÉIR MHEASÚNAITHE

Moltar d'ealaíontóirí an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara: Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997. Má chuireann tú faisnéis ar fáil sa Togra a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, cuir é sin in iúl go soiléir i do Thogra.

Is bord neamhspleách piaraí a dhéanfaidh na tograí a mheas agus déanfar iad a ualú mar seo a leanas:

- 30% - Teist cruthaithe maidir le tionscadail rathúla comhchosúla a sheachadadh. Taithí / teist na n-ealaíontóirí ar thionscadail a sheachadadh.
- 30% - Cur chuige nuálaíoch i leith an tionscadail, rannpháirtíocht daoine óga agus an phróisis
- 20% - Inmharthanacht an bhuiséid. Cé chomh dóchúil atá sé torthaí agus cuspóirí braite an tionscadail a bhaint amach
- 20% - An t-iarratas laistigh den chomhthéacs iomaíoch.

N.B. Ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a iarraidh don Ealaíontóir díreach nuair a cheapfar é/í. Ní rachaidh an tEalaíontóir i mbun gné ar bith de na dualgais ar a dtabharfaí 'obair ábhartha' mar a shainmhínítear sa reachtaíocht ábhartha um Leanaí agus Daoine Soghonta go dtí go mbeidh próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána tugtha chun críche.

### Comhairle Chontae Uíbh Fhailí: - Sainmhíniú ar Ealaíontóir Gairmiúil

Is féidir Ealaíontóir Gairmiúil a shainmhíniú mar dhuine a bhfuil a bhfoirm ealaíne ina gairm bheatha lánaimseartha aige/aici **nó** a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu ina réimse cleachtais **nó** a íocadh agus a fógraíodh mar thaibheoir aonair nó mar thaibheoir ceannródaíoch in institiúid státmhaoinithe **nó** a bhfuil ábhar leo foilsithe nó léirithe ag foilsitheoir nó cuideachta nó ionad amharclainne/scannán aitheanta **nó** atá aitheanta mar ghairmí i measc a p(h)iaraí agus a fuair aitheantas amhail ardmholtaí, luaíochtaí, gradaim, deontais, ceapacháin ar phainéil, etc.

### Cosaint Leanaí

I gcomhréir le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017), ceanglaítear ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a chinntiú go gcomhlíonann conarthaí a

eisítear do dhaoine a bhíonn i dteagmháil le leanaí trína gcuid oibre dualgais na Comhairle faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Déanfar gach ceapachán de réir Bheartas Cosanta Leanaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Ráiteas Sábháilteachta Leanaí Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Uíbh Fhailí.

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Leagtar amach sa Ráiteas seo ár mbeartas maidir le 'Sonraí Pearsanta' a bhailítear ó iarratasóirí. Is éard is Sonraí Pearsanta ann ná faisnéis a d'fhéadfadh a bheith bainteach le duine, nó a bhaineann le duine, agus/nó a d'fhéadfaí a úsáid chun duine a shainaithint. Bailímid Sonraí Pearsanta lena n-áirítear ainm, seoladh, uimhir theileafóin, ríomhphost ó iarratasóirí d'fhonn d'iarratas a phróiseáil agus chun tú a chur ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta. Stórálfar an t-iarratas agus an togra ar ríomhaire Oifig na nEalaíon agus ar fhreastalaí seachtrach slán le submit.com, nach mbíonn rochtain air ach amháin ag foireann Oifig na nEalaíon. Roinnfear iad le painéal roghnaithe (de bheirt shaineolaithe) chun measúnú agus marcáil a dhéanamh orthu. Coinneofar tograí nár éirigh leo ar feadh ceithre bliana ar a mhéid agus scriosfar ansin iad.  Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin um Chosaint Sonraí.